# Fónaic

**TORTHAÍ FOGHLAMA**
- Gnásanna cló
- Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach
- Fónaic agus aithint focal
- Líofacht agus féincheartú

## Cineálacha Éagsúla Fónaice

- **Fónaic anailíseach:** Anailís a dhéanamh ar fhocail trí chur chuige 'féach agus abair'. Clúdaítear túslitreacha, túsfhoghair, rím agus teaghlaigh focal.
- **Fónaic shintéiseach:** Fuaimeanna aonaracha agus a litreacha gaolmhara. Fuaimeanna aonaracha a nascadh le focail a dhéanamh, ag obair ó aonad fuaime go dtí focal iomlán. Bíonn páistí ag deighilt, ag cumasc agus ag múnlú léirithe comónta fuaime.

**FÓNAIC SA LITEARTHACHT**
Aithnítear an gá atá le teagasc fónaice mar chuid de theagasc na litearthachta. Is gné amháin de theagasc na litearthachta é teagasc na fónaice agus ba chóir na scileanna eile litearthachta a theagasc agus a dhaingniú mar aon le teagasc fónaice.

- **Fónaic theanga:** Dírítear aird ar fhónaic i gcomhthéacs gach gné eile den litearthacht. Tosaítear le haithint fuaimeanna aonaracha i bhfocail iomlána agus ansin cur i bhfeidhm cur chuige sintéiseach le deighilt agus cumasc fuaimeanna le léamh agus le litriú. Ag an tús, bíonn an obair ar fad i gcomhthéacs focail iomlána. Is cur chuige é seo a oireann don Ghaeilge, nó féachtar ar fhuaimeanna i gcomhthéacs focail agus focal i gcomhthéacs abairte. Athraíonn fuaimeanna na Gaeilge ag brath ar an áit a bhfuil siad san fhocal agus ag brath ar ghnéithe gramadaí na habairte. Déantar gach fuaim i gcomhthéacs.

## Feasacht Fóineolaíochta

Tá na scileanna seo tábhachtach mar dhúshraith i bhfoghlaim na fónaice agus sa litearthacht go ginearálta.

- Aird, éisteacht agus forbairt teanga. Tá an teanga ó bhéal tábhachtach.
- Rithim i ndánta/rainn, an dóigh le buillí a léiriú. Tosaítear ag díriú ar shiollaí i bhfocail lena mbriseadh ina gcodanna lena léamh/scríobh.
- Rím i rainn, dánta agus scéalta. Aithnítear

> Tagraíonn feasacht fóineolaíochta don fheasacht a bhíonn ag duine ar struchtúr fóineolaíochta, nó ar struchtúr fuaime, focal. Áirítear ann tuiscintí ar fhocail, rím, siollaí, túsfhoghar, foghar deiridh agus fóinéimí.

# Fónaic

fuaimeanna a dhéanann rím agus atá mar an gcéanna. Ansin, aithnítear an fhuaim chéanna ach í léirithe ar bhealaí éagsúla. Cuirtear tús ansin le focail a rangú de réir fuaime agus de réir litirithe.

- Fuaimeanna a aithint i bhfocail ó bhéal ar dtús agus ansin an léiriú litreach a aithint agus a cheangal leo. Bíonn páistí ag plé difríochtaí agus cosúlachtaí idir fuaimeanna agus focail.

## Feasacht Fóinéimeach

- Tosaíonn siad ag deighilt agus ag cumasc focal trí dhíriú ar na fuaimeanna, aithníonn siad patrúin i bhfocail agus go mbíonn bealaí ar leith ag teanga le fuaimeanna a litriú.

An léargas gur féidir smaoineamh ar gach focal labhartha mar shraith fóinéimí. Ós rud é gurb iad fóinéimí na haonaid foghair a chuirtear in iúl le litreacha na haibítre, cuid thábhachtach de loighic na haibítre a thuiscint is ea an fheasacht gur sraith fóinéimí is ea gach focal. As sin tuigtear gur féidir fónaic agus litriú a fhoghlaim.

## Fónaic

Moltar i gclár fónaice de chineál ar bith fuaimeanna a theagasc go cuimsitheach agus go leanúnach agus le struchtúr cinnte. Moltar tosú leis na fuaimeanna is coitianta agus leis na focail is lú agus is fusa díchódú. Má tá níos mó ná bealach amháin ann le fuaim a léiriú is fearr bealach amháin a theagasc agus a dhaingniú i dtús báire sula gcuirtear roghanna



roimh pháistí. Baineann an cur chuige seo le fuaim a chloisteáil i bhfocail agus ansin, an dóigh leis an bhfocal sin a léamh agus a litriú mar is ceart de réir choinbhinsiún litrithe na teanga.

Ba chóir go mbeadh ceachtanna fónaice gairid agus gasta agus iad i gcomhthéacs na léitheoireachta. Moltar go mbeadh páistí ag fiosrú an eolais agus iad ag léamh.

# Fónaic

## Gach Fuaim, Sampla Ultach

Léiríonn an tábla thíos na 36-41 fuaim atá sa Ghaeilge agus ansin na leaganacha malartacha den fhuaim sin, nó bealaí éagsúla leis an fhuaim chéanna a léiriú, ag brath ar chanúint. I gclár fónaice clúdaítear na fuaimeanna is bunúsaí (atá ag barr gach colún) ar dtús, agus ansin tosaítear ar na leaganacha malartacha. Tá miondifríochtaí idir cuid de na fuaimeanna atá sna rannóga seo, ach ar mhaithe le cumas léitheoireachta agus litrithe na bpáistí a chur chun cinn tá siad sna rannóga céanna, ag súil is go bhfuaimnítear i gceart iad de réir na canúna. Tá leagan leathan (consain in aice le a, á, o, ó, u, ú) agus leagan caol (consain in aice le e, é, i, í) de gach fuaim ann. Mura bhfuil an difear idir an dá leagan seo suntasach ó bhéal is féidir iad a chlúdach sa rannóg chéanna. Tá ceithre l, n agus r i gCúige Uladh ach, arís, mura bhfuil an difear suntasach ó bhéal is féidir iad a chur le chéile. Léiríonn na línte sna colúin na miondifríochtaí.

### Consain a Rangú

| b | c | d | d | f | g | h | l | l | m | n | n | p |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *leathan*<br>bus<br>i bpota<br>b'fhada<br>———<br>*caol*<br>bís<br>píb<br>b'fhearr | *leathan*<br>cat<br>poc<br>———<br>*caol*<br>cic<br>glic | *leathan*<br>dath<br>fada<br>i dtaca<br>d'fhan | *caol*<br>dílis<br>íde<br>i dtír<br>jíp<br>d'ith | *leathan*<br>fada<br>graf<br>phota<br>———<br>*caol*<br>fite<br>sifín<br>phíb | *leathan*<br>gan<br>bog<br>i gcúl<br>dul<br>———<br>*caol*<br>glic<br>smig<br>i gcrích | *leathan*<br>hata<br>chun<br>thar<br>shos<br>———<br>*caol*<br>ní hé<br>thig<br>féin | *leathan*<br>lá<br>halla<br>———<br>blas<br>asal | *caol*<br>leis<br>eile<br>———<br>mill<br>leac | *leathan*<br>mála<br>cam<br>i mbord<br>m'Aintín<br>———<br>*caol*<br>im<br>i mbinse<br>m'intinn | *leathan*<br>na<br>donn<br>ár n-arm<br>———<br>lán<br>i ndath | *caol*<br>ní<br>linn<br>i ndiaidh<br>ár n-iasc<br>———<br>sin<br>cine | *leathan*<br>pota<br>trup<br>———<br>*caol*<br>pís<br>cipín |

## Fónaic

| r | r | s | s | t | t | z | ch | ng | dh | dh | bh | bh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *leathan*<br>**r**á<br>ca**rr**<br>———<br>ta**r**<br>c**n**oc | *caol*<br>**r**ith<br>cúl an<br>chai**rr**<br>———<br>cui**r**<br>**cn**easta | *leathan*<br>**s**ásta<br>fá**s** | *caol*<br>**s**í<br>mili**s** | *leathan*<br>**t**óg<br>có**t**a<br>**ts**ráid | *caol*<br>**t**e<br>ti**t** | *leathan*<br>**z**ú<br>ó**z**ón | *leathan*<br>**ch**as<br>lo**ch**<br>———<br>*caol*<br>mo **ch**íste<br>oí**ch**e<br>i**th** | *leathan*<br>ra**ng**<br>bun na<br>**ng**ob<br>———<br>*caol*<br>tarrai**ng**<br>fuaim na **ng**íog | *leathan*<br>mo **dh**án<br>mo **gh**úna | *caol*<br>de **dh**íth<br>an **gh**é | *leathan*<br>an **bh**ó<br>ró**bh**og<br>i **bhf**ocal<br>mo **mh**ála<br>ra**mh**ar | *caol*<br>**bh**í<br>si**bh**<br>a **mh**ic<br>ni**mh**<br>i **bhf**ís<br>**v**itimín |

Tá an líon is mó leaganacha malartacha leis na gutaí fada sa Ghaeilge. Arís, clúdaítear na leaganacha is fusa agus is coitianta ar dtús roimh thosú ar na leaganacha malartacha. Tá dhá **ó** i gCúige Uladh. Is ionann an fhuaim atá ag **a/á** agus **o/ó** i roinnt focail ach tá difear san fhad. Is ionann an schwa agus an guta láir, gan fiacla nó teanga a úsáid. Is eisceachtaí iad na focail atá i gcló iodálach. Is féidir na gutaí le chéile ag an bhun agus gutaí eile nach iad a theagasc mar ghrúpaí d'fhuaimeanna nó tagann siad le chéile go minic sa chóras litrithe.

# Fónaic

## Gutaí a Rangú

| a/á | e | é | i | í | o/ó | ó | u | ú | (schwa) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| cat | le | mé | mil | sí | mo | ón | muc | tú | cóta |
| fear | ag | léim | siolla | níor | seo | gabh | lag | siúl | ocras |
| ainm | greim | méar | Doire | mamaí | deoir | leabhar | tom | dúirt | císte |
| veain | bhuel | i ndiaidh | na cait | aois | ________ | leon | | bíodh | déanta |
| ar fhan | | tae | uile | nigh | fóill | raibh | | príomh | |
| ________ | | laghad | ar fhill | mothaigh | stól | | | talamh | |
| tá | | Gaeilge | | titfidh | | | | acu | |
| breá | | rogha | | tógfaidh | | | | stánadh | |
| fáth | | ceird | | iontach | | | | briseadh | |
| ar fhás | | aghaidh | | croí | | | | dom | |
| ard | | | | suí | | | | dubh | |
| teach | | | | rith | | | | | |
| cairde | | | | culaith | | | | | |
| fearr | | | | bhfaighidh | | | | | |
| déan | | | | caora | | | | | |

## Dhá ghuta a dhéanann dhá fhuaim

| ua | ia | ái | ai | ói |
|---|---|---|---|---|
| suas | bia | náire | faigh | tóin |
| nuair | siad | cáis | maith | óige |

## Samplaí d'fhuaimeanna a thagann le chéile go minic i bhfocail

| -án | -eoir | (e)ach(t) | (e)ann | mhar | tar |
|---|---|---|---|---|---|
| ardán | múinteoir | bealach | déanann | fonnmhar | tógtar |
| cupán | aisteoir | cailleach | bialann | sultmhar | moltar |
| amadán | bainisteoir | poblacht | baineann | ciallmhar | turtar |

# Fónaic

## Céimeanna na bhFuaimeanna sna Mórchanúintí

Baineadh úsáid as an leabhar Fuaimeanna na Gaeilge (Cois Life, 2013) agus an suíomh atá leis, fuaimeanna.ie, leis na samplaí seo a chinntiú. Níl gach fuaim clúdaithe anseo, níl ann ach samplaí leis an chur chuige a léiriú. Is féidir canúintí eile a leagan amach ar an mbealach céanna ach na samplaí thíos a leanúint.

| | Ulaidh | Connacht | Mumha |
|---|---|---|---|
| **Céim 1** – focail aonsiollacha CG/GC/CGC. Clúdaítear consain, gutaí gear agus gutaí fada. Tá fuaim amháin ag gach litir. Moltar fuaim a dhéanamh i gcomhthéacs focal. | cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís | cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís | mar, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís |
| **Céim 2** – focail níos faide aonsiollacha CGCC/CCGC/CCGCC. Seasann litir amháin d'fhuaim amháin. | tart, pluc, post, glic, clár, plúr, srón, brí, plé | tart, pluc, post, glic, clár, plúr, srón, brí, plé | tart, pluc, post, glic, clár, plúr, srón, brí, plé |
| **Céim 3** – focail ilsiollacha, is féidir caol agus leathan a phlé nuair atá na páistí réidh. Seasann litir amháin d'fhuaim amháin. | mamó, ómós, pláta, pluma, comórtas, folcadán, minic, ribín | mamó, ómós, pláta, pluma, comórtas, folcadán, minic, ribín | mamó, ómós, pláta, pluma, comórtas, folcadán, minic, ribín |
| **Céim 4** – seasann níos mó ná litir amháin d'fhuaim amháin, dírítear aird ar na consain anseo. Déantar na fuaimeanna seo i gcomhthéacs na céille agus na gramadaí agus mínítear na cúiseanna le séimhiú/urú. | cra**nn,** ca**rr,** capa**ll,** **bh**og, **mh**ol, ama**ch,** ro**th**ar, dú**sh**lán, **ph**óg, **gh**lac, **dh**ún, ró**fh**ada, ra**ng,** i **gc**lann, i **mb**un, i **bp**ota, i **nd**ún, an **ts**rón, i **bhf**olús, ar **dt**ús | cra**nn,** ca**rr,** capall, **bh**og, **mh**ol, ama**ch,** ro**th**ar, dú**sh**lán, **ph**óg, **gh**lac, **dh**ún, ró**fh**ada, ra**ng,** i **gc**lann, i **mb**un, i **bp**ota, i **nd**ún, an **ts**rón, i **bhf**olús, ar **dt**ús | cra**nn,** ca**rr,** capa**ll,** **bh**og, **mh**ol, ama**ch,** ro**th**ar, dú**sh**lán, **ph**óg, **gh**lac, **dh**ún, ró**fh**ada, ran**g,** i **gc**lann, i **mb**un, i **bp**ota, i **nd**ún, an **ts**rón, i **bhf**olús, ar **dt**ús |
| **Céim 5** – níos mó ná bealach amháin ann le fuaim a rá, m.sh. dán/déan, tír/trá, seo/sa. Beidh sé seo ag brath ar an chanúint maidir leis na rannóga, tiocfaidh na páistí ar phatrúin agus míniú san fhiosrúchán. | **d**án/**d**éan, **s**a/**s**eo, **t**rá/**t**ír, **n**aoi/**n**í, **bh**og/**bh**í, **mh**ol/nimh, **gh**ol/an **gh**é, a **dh**ath/de **dh**íth, i **bhf**olús/i **bhf**írinne, b**ó**/r**ó**n, c**a**t/g**a**bhar, f**ea**r/l**ea**bhar, f**io**s/s**io**c, **ch**as/la**ch**a, c**ai**t/c**ai**nt, r**oi**mh/sc**oi**l | **d**án/**d**éan, **s**a/**s**eo, **t**rá/**t**ír, **n**aoi/**n**í, **bh**og/**bh**í, **mh**ol/ni**mh,** **gh**ol/an **gh**é, a **dh**ath/de **dh**íth, i **bhf**olús/i bhfírinne f**io**s/sioc, c**ai**t/c**ai**nt, r**oi**mh/sc**oi**l | **d**án/**d**éan, **s**a/**s**eo, **t**rá/**t**ír, **n**aoi/**n**í, **gh**ol/an **gh**é, a **dh**ath/de **dh**íth, f**io**s/s**io**c, sc**oi**l/ar bord l**oi**nge/c**oi**m |
| **Céim 6** – níos mó ná bealach amháin le fuaim a scríobh. Tá an t-eolas is mó anseo agus bíonn ar pháistí an litriú ceart a fhoghlaim. Má bhíonn roinnt bealaí ann le fuaim a léiriú bíonn ceann amháin acu ceart agus caithfear sin a fhoghlaim. Moltar liosta focal a thabhairt don pháiste le réimse roghanna ar an spriocfhuaim ann le foghlaim. Níl anseo ach roinnt samplaí. | í – **sí**/n**ío**r/mam**aí**/cr**oí**/**suí**/**io**ntach<br>ú – **tú**/**siú**l/d**úi**rt/bí**odh**/déan**amh**/ac**u**<br>é – m**é**/l**éi**m/m**éa**r/t**ae**/**ao**n<br>á – t**á**/br**eá**/th**ái**nig/ar **fhá**s/d**éa**n<br>ó – b**ó**/d**ó**/c**ó**ta/go f**ói**ll<br>ó – r**ó**n/sr**ó**n<br>a – c**a**t/f**ea**r/**ai**nm/v**ea**in/ar **fha**n<br>h – **th**ug/**h**anla/**ch**un/**sh**ocraigh<br>m – **am**ach/i **mb**un/**m'**aintín | í – **sí**/n**ío**r/mam**aí**/cr**oí**/**suí**/agai**bh**<br>ú – **tú**/**siú**l/d**úi**rt/inni**u**<br>é – m**é**/l**éi**m/m**éa**r/t**ae**/**ao**n<br>á – t**á**/br**eá**/th**ái**nig/ar **fhá**s/**aga**m<br>ó – b**ó**/d**ó**/c**ó**ta/d**eo**/go f**ói**ll/sr**ó**n<br>a – c**a**t/f**ea**r/**ai**nm/v**ea**in/ar **fha**n<br>h – **th**ug/**h**anla/**ch**un/**sh**ocraigh<br>m – a**m**ach/i **mb**un/**m'**aintín | í – **sí**/n**ío**r/mam**aí**/cr**oí**/**suí**<br>ú – **tú**/si**ú**l/cúis/ciúin<br>é – m**é**/l**éi**m/m**éa**r/t**ae**/**ao**n<br>á – t**á**/br**eá**/th**ái**nig/ar **fhás**<br>ó – b**ó**/d**ó**/c**ó**ta/d**eo**/go f**ói**ll<br>a – c**a**t/f**ea**r/**ai**nm/v**ea**in/ar **fha**n<br>h – **th**ug/**h**anla/**ch**un/**sh**ocraigh<br>m – a**m**ach/i **mb**un/**m'**aintín |

# Fónaic




## Fónaic sa Ghaeilge

Go garbh tá thart ar 40 fuaim le déanamh (ag brath ar chanúint). Ní clár foghraíochta é seo, ach tá an fhoghraíocht mar thúsphointe leis na fuaimeanna a rangú ina ngrúpaí. Moltar fuaimeanna a theagasc i ngrúpaí atá cosúil lena chéile ar mhaithe le ceachtanna teagaisc. Is le heiseamláir an mhúinteora a dhéanfar idirdhealú idir na mionfhuaimeanna. Cuidíonn sé liosta focal i rannóga de réir na bhfuaimeanna a theagascfar a chur le chéile roimh thosú. Is féidir na liostaí seo a athrú ó chanúint go canúint. Is féidir a iarraidh ar pháistí focail ina bhfuil spriocfhuaim a aimsiú i leabhair.

Is fiú an Ghaeilge a bhriseadh síos ina grúpaí nó céimeanna leis an eolas ar fad a chlúdach go leanúnach agus tógáil ar an eolas a chuaigh roimhe. Chuige sin, tá an Ghaeilge briste i gcéimeanna leanúnacha mar atá leagtha amach ar an tábla. (tagairt-Céimeanna na bhFuaimeanna sna Mórchanúintí.)

### FÓNAIC AGUS FOCAIL RADHAIRC

Bíonn páistí ag tógáil focal radhairc comhthreomhar leis an gcleachtas seo. Cuidíonn na scileanna fónaice leis na straitéisí cuimhne agus le patrúin a aimsiú sa chóras litrithe.

## Ag Cur Tús le Clár Fónaice

Ag an tús, sna naíonáin, nó le páistí atá ag tosú ar an gcur chuige seo den chéad uair, is fiú an cleachtas seo a dhéanamh praiticiúil. Moltar an cur chuige seo a phlé le tuismitheoirí agus gníomhaíochtaí a chur abhaile leis na páistí don athchleachtadh. Cuidíonn trealamh ar nós litreacha maighnéadacha, cártaí imeartha, cártaí fuaime, boird bhána agus marcóirí, bréagáin nó pictiúir de rudaí ina bhfuil fuaim ar leith. Tosaíonn páistí ag ceangal litir/litreacha (graiféimí) le fuaim, ag díriú ar fhocail ina seasann litir amháin d'fhuaim amháin ar dtús agus ar an léiriú is coitianta nó is fusa.

# Fónaic

## Ord na bhFuaimeanna

Moltar struchtúr cinnte a leanúint agus tógáil ar an eolas a chuaigh roimhe.

- Tosaítear leis an c.40 léiriú is coitianta de na fuaimeanna sa Ghaeilge, na consain leathana agus chaola is coitianta, na gutaí fada agus gearra agus roinnt fuaimeanna coitianta eile.
- Dhá litir a sheasann d'fhuaim amháin.
- Fuaim is féidir a rá ar roinnt dóigheanna.
- Fuaim is féidir a léiriú ar roinnt dóigheanna, na litrithe malartacha nó bealaí eile leis an bhfuaim chéanna a scriobh. Bíonn na focail is minice, focail radhairc san áireamh ach iad rangaithe de réir fuaime, *m.sh.* ***th**áinig*, ***ch**uaigh*, ***sh**uigh*

Moltar an t-eolas nua seo a chlúdach chomh luath agus chomh gasta agus is féidir. Níl go leor eolais ag an tús le páistí a chur ag léamh agus ag díchódú na bhfocal is coitianta sa Ghaeilge. Chomh maith leis sin, tá contúirt ann go mbeidh páistí ag síordhíchódú agus ag léamh fuaim amháin le gach litir, *m.sh. t-h-á-i-n-i-g* in áit *th-ái-n-i-g*.

Léirithe éagsúla den fhuaim trí, mam**aí**, ina su**í**, cr**oí**, p**í**osa

## I dTreo Neamhspleáchais

Is teanga measartha rialta í an Ghaeilge maidir le córas fuaime agus litrithe. Ba chóir ligean do pháistí patrúin a fhiosrú agus a aimsiú agus an t-eolas seo a chur i gcomhthéacs i gcónaí. Clúdófar gnéithe ar nós séimhiú, urú, iolraí, cúrsaí gramadaí,



Is é an sprioc atá ann páistí a dhéanamh neamhspleách i léitheoireacht na Gaeilge. Baineann an léitheoireacht le gach achar curaclaim agus osclóidh sí doras na foghlama agus ar an dóigh chéanna litriú na Gaeilge mar aon leis.

deirí coitianta na Gaeilge, réimíreanna, iarmhíreanna, an guta cúnta agus iad ar fad i gcomhthéacs litrithe na Gaeilge.

Léireoidh na páistí an t-eolas atá acu ar chóras litrithe na Gaeilge sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht. Is trí fhiosrú, sórtáil agus gníomhaíochtaí a dhéanamh le focail agus frásaí a dhaingnítear an t-eolas.

# Fónaic

## Tagairtí

Boird Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste. (2011). *Fónaic na Gaeilge, Fiosrú Focal: BELB/An tÁisaonad Ar fáil ar líne ag: http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/Fonaic/Fonaic_na_Gaeilge.html*

Breacadh. (2012). *Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge. Breacadh*

Council for the Curriculum, Examinations and Assessment. (2014). *Cód na Gaeilge, Ag Fiosrú Focal. CCEA agus J. de Brún. Ar fáil ar líne ag: http://www.rewardinglearning.org.uk/codnagaeilge*

Cois Life. (2013). *Fuaimeanna na Gaeilge. Brian Ó Raghallaigh. Ar fáil ar líne ag: http://www.fuaimeanna.ie/ga/*